**TÁ FAIREACHÁN AR BUN AG ÁR gCIGIRÍ I DO CHEANTARSA FAOI LÁTHAIR. BÍ COMHLÍONTACH MAIDIR LE DRAMHAÍL AGUS SEACHAIN FÍNEÁIL**

Tá gach Údarás Áitiúil ag glacadh le Fodhlíthe den chineál céanna d'fhonn cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i leith dramhaíl a bhainistiú ar fud na hÉireann.

Aimseoidh tú gach rud ar gá a bheith ar eolas agus ar mian leat a bheith ar eolas maidir le bainistiú a dhéanamh ar do chuid dramhaíola ar bhealach freagrach agus éifeachtúil agus ar bhealach a oireann duit ag **www.mywaste.ie**

Breathnaigh ar an láithreán seo chun teacht ar sheirbhísí dramhaíola, ionaid fág anseo agus saoráidí athchúrsála san áit, chomh maith le bealaí le dramhaíl a chosc, a athúsáid agus a uaschúrsáil.

# mywaste

AN bhFUIL TÚ COMHLÍONTACH **MAIDIR LE DRAMHAÍL?**

**NÍ MÓR DUIT ÚSÁID A BHAINT AS CEANN DÍOBH SEO**



**BAILIÚ COIS COSÁIN**

NÓ



**SAORÁID DRAMHAÍOLA ÚDARAITHE**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

réigiún dramhaíola chonnacht uladh
réigiún dramhaíola an deiscirt
réigiún dramhaíola an oirthir agus lár tíre

Faigh tuilleadh eolais ag **www.mywaste.ie**

# CEISTEANNA COITIANTA

## AN mBAINEANN NA FODHLÍTHE SEO LIOM?

**Baineann:** bainfidh na fodhlíthe seo le gach líon tí, árasán, agus áitreabh tráchtála.

## CONAS IS FÉIDIR LIOM CLOÍ LEIS NA FODHLÍTHE SEO?

Chun do chuid dramhaíola a bhainistiú i gceart, ní mór duit a bheith in ann a chruthú go bhfuil:

Conradh i bhfeidhm agat le bailitheoir dramhaíola údaraithe (ceadaítear araid a chomhroinnt ach ní mór cruthúnas ar chomhaontú a chur ar fáil);

NÓ

Is féidir leat a léiriú go mbaineann tú úsáid rialta as saoráid dramhaíola údaraithe.

*féach ar www.mywaste.ie chun saoráid dramhaíola údaraithe a aimsiú i do cheantar

## CÉN FÁTH A BHFUIL GÁ LEIS NA FODHLÍTHE SEO?

- Chun cuidiú leat do chuid dramhaíola a bhainistiú ar an mbealach is lú a dhéanann dochar don chomhshaol;
- Lena chinntiú go dtabharfar do chuid dramhaíola chuig bailitheoir dramhaíola údaraithe a théann ó dhoras go doras nó go dtabharfar í chuig saoráid dramhaíola údaraithe.
- D'fhonn a chinntiú go ndéantar do chuid dramhaíola a scaradh i gceart;
- Chun dumpáil mhídhleathach agus dó ar chúl an tí a laghdú

## CAD A THARLÓIDH MÁ SHÁRAÍM NA DLÍTHE?

Má theipeann ort ceann ar bith de na ceanglais atá sna fodhlíthe a chomhlíonadh, d'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil seo nó ball den Gharda Síochána fógra um pionós socraithe a eisiúint (Uasmhéid €75). Chomh maith leis sin d'fhéadfadh fíneáil suas le €2,500 a bheith mar thoradh air.

## CAD A DHÉANFAIDH MÉ MÁS I MO CHÓNAÍ I mBLOC ÁRASÁN BAINISTITHE ATÁIM?

Baineann na fodhlíthe fós sa chás sin; tá ar an gcuideachta bainistíochta a chinntiú go gcuirtear coimeádáin leordhóthanacha ar fáil le haghaidh dramhaíola iarmharaigh agus dramhaíola in-athchúrsáilte ag pointí stórála dramhaíola ainmnithe. Tá sé d'oibleagáid orthu chomh maith eolas i scríbhinn a chur ar fáil duit maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm. Tá sé de fhreagracht ar an áitritheoir scaradh a dhéanamh laistigh de na hárasáin. Ní mór d'áitritheoirí i ngach árasán a bheith rannpháirteach d'fhonn an córas scartha a chur i bhfeidhm.

## AN bhFUIL AON RUD EILE IS GÁ DOM A DHÉANAMH?

**Tá:** ní mór duit dramhaíl in-athchúrsáilte a scaradh ó do chuid dramhaíola iarmharaigh agus iad a chur i láthair ar leithligh óna chéile. Ní mór duit do chuid dramhaíola bia a scaradh freisin má tá tú ag cur fút i gceantar uirbeach, baile beag nó sráidbhaile ina bhfuil daonra níos mó ná 500 duine.